Coiste Eorpach
na Réigiún

**Rialachán Uimh. 3914 ón mBiúró**
**an 19 Samhain 2024**
**maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas le comhaltaí, comhaltaí malartacha agus daoine eile a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún**

TÁ BIÚRÓ CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[1] ('An Conradh'), agus go háirithe Airteagail 305, 306 agus 307 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2] (an 'Rialachán Airgeadais'), agus go háirithe Airteagail 238 agus 240 de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Choiste na Réigiún[3] (na 'Rialacha Nós Imeachta'), agus go háirithe Rialacha 6, 37, 39, 40, 43, 62, 64, 71, 75, 82, 83 agus 85 díobh,

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 12/2007 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 17 Nollaig 2007 maidir le maoiniú speansas taistil agus cothaithe iriseoirí ar iarradh orthu freastal ar ghníomhaíochtaí Choiste na Réigiún ('Rialachán Uimh. 12/2007 ón mBiúró'),

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 8/2017 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 9 Deireadh Fómhair 2017 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Eorpach na Réigiún ('Rialachán Uimh. 8/2017 ón mBiúró'), arna leasú[4],

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 9/2017 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 29 Samhain 2017 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas cothaithe ar ráta comhréidh le tríú

1 IO C 202, 7.6.2016, lch. 47.

2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32024R2509.

3 IO L, 2024/2142, 14.08.2024, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/proc_rules/2024/2142/oj.

4 Rialachán Uimh. 20/2020 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 9 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán Uimh. 8/2017 an 9 Deireadh Fómhair 2017 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Eorpach na Réigiún agus Rialachán Uimh. 2/2018 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le saineolaithe na rapóirtéirí agus cainteoirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún ('Rialachán Uimh. 20/2020').

páirtithe a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún (‘Rialachán Uimh. 9/2017 ón mBiúró’),

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 2/2018 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 30 Eanáir 2018 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le saineolaithe na rapóirtéirí agus cainteoirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún (‘Rialachán Uimh. 2/2018 ón mBiúró’), arna leasú[5],

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 5/2018 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 8 Deireadh Fómhair 2018 maidir le cruinnithe agus gníomhaíochtaí chomhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún,

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 5/2023 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 4 Iúil 2023 lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear Rialachán Uimh. 3/2021 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 2 Feabhra 2021 maidir le liúntas cianchruinnithe ar ráta comhréidh a íoc le comhaltaí de Choiste Eorpach na Réigiún agus lena gcomhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí agus le saineolaithe na rapóirtéirí agus cainteoirí ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar chianchruinnithe nó ar chruinnithe hibrideacha (‘Rialachán Uimh. 5/2023 ón mBiúró’),

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 440/2024 ón mBiúró an 30 Eanáir 2024 maidir leis an gcoigeartú bliantúil a dhéantar ar na liúntais a íoctar le daoine a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún (‘Cinneadh Uimh. 440/2024 ón mBiúró’),

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 7/2021 ón mBiúró an 2 Feabhra 2021 maidir leis na rialacha inmheánacha airgeadais chun roinn Choiste na Réigiún de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme arna leasú[6],

Ag féachaint do Chinneadh Uimh 204/2018 ó Ardrúnaí Choiste Eorpach na Réigiún an 28 Samhain 2018 maidir le forálacha cur chun feidhme le haghaidh Rialachán Uimh. 8/2017, Rialachán Uimh. 9/2017 agus Rialachán Uimh. 2/2018 ó Choiste Eorpach na Réigiún (‘Cinneadh Uimh. 204/2018 ón Ardrúnaí’), arna leasú[7],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Eagraíonn/comheagraíonn Coiste Eorpach na Réigiún (‘an Coiste’) gníomhaíochtaí éagsúla chun an misean a chuirtear de chúram air leis an gConradh a chomhlíonadh, lena n-áirítear trína chur ar chumas a chomhaltaí agus a chomhaltaí malartacha na dualgais ar cheap Comhairle an Aontais Eorpaigh iad ar a mbonn a chomhlíonadh;

---

5 Rialachán Uimh. 20/2020 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 9 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán Uimh. 8/2017 an 9 Deireadh Fómhair 2017 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Eorpach na Réigiún agus Rialachán Uimh. 2/2018 maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le saineolaithe na rapóirtéirí agus cainteoirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún (‘Rialachán Uimh. 20/2020’).

6 Cinneadh Uimh. 21/2022 an 28 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 7/2021 ó Bhiúró Choiste Eorpach na Réigiún an 2 Feabhra 2021 maidir leis na rialacha inmheánacha airgeadais chun roinn Choiste na Réigiún de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

7 Cinneadh Uimh. 147/2020 ó Ardrúnaí Choiste Eorpach na Réigiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 204/2018 an 28 Samhain 2018 maidir le forálacha cur chun feidhme le haghaidh Rialachán Uimh. 8/2017, Rialachán Uimh. 9/2017 agus Rialachán Uimh. 2/2018 ó Choiste Eorpach na Réigiún (‘Cinneadh Uimh. 147/2020’).

(2) Is deis uathúil iad na gníomhaíochtaí sin, ar a bhfreastalaíonn rannpháirtithe éagsúla, le páirt a thabhairt do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus do chomhpháirtithe, páirtithe leasmhara agus saineolaithe ábhartha, i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais;

(3) Is iomchuí rialacha ginearálta a leagan síos maidir leis an tacaíocht airgeadais a thugtar do na rannpháirtithe thuasluaite lena chur ar a gcumas freastal ar ghníomhaíochtaí an Choiste agus páirt a ghlacadh;

(4) Is am tráthúil é seo chun na rialacha sonracha atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le gach catagóir de na rannpháirtithe sin a thabhairt cothrom le dáta agus a chuíchóiriú, agus iad a chomhdhlúthú in aon ghníomh amháin;

(5) Agus rannpháirtíocht rannpháirtí i ngníomhaíocht incháilithe á formheas ag na hOifigigh Údarúcháin trí tharmligean agus trí fhotharmligean, ba cheart dóibh a bheith airdeallach i gcónaí ar leasanna agus oibleagáidí airgeadais an Choiste, chomh maith leis na hacmhainní buiséadacha ábhartha a leithdháilfear;

(6) Ba cheart Rialacháin Uimh. 12/2007, Uimh. 8/2017, Uimh. 9/2017, Uimh. 2/2018 agus Uimh. 5/2023 ón mBiúró agus Cinneadh Uimh. 440/2024 ón mBiúró a aisghairm, agus níor cheart feidhm a bheith a thuilleadh le Cinneadh Uimh. 204/2018 ón Ardrúnaí, arna leasú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## TEIDEAL I
## PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 1*

### Ábhar agus raon feidhme

Is é a leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha ginearálta lena rialaítear aisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas le daoine a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar ghníomhaíochtaí incháilithe de chuid an Choiste agus a ghlacfaidh páirt sna gníomhaíochtaí sin.

*Airteagal 2*

### Tairbhithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'tairbhí' aon duine díobh seo a leanas:

   (a) comhalta de réir bhrí Riail 3 de na Rialacha Nós Imeachta atá i dteideal freastal ar ghníomhaíocht incháilithe ('comhalta');

   (b) comhalta malartach de réir bhrí Riail 3 de na Rialacha Nós Imeachta atá i dteideal freastal ar ghníomhaíocht incháilithe ('comhalta malartach atá sainordaithe go cuí');

   (c) breathnóir de chuid an Choiste de réir bhrí Riail 82 de na Rialacha Nós Imeachta atá i dteideal freastal ar ghníomhaíocht incháilithe ('breathnóir');

   (d) duine a thabharfaidh cúnamh do rapóirtéir chun tuairim ón gCoiste a ullmhú nó an obair a leanfaidh aisti a dhéanamh de réir bhrí Riail 64 de na Rialacha Nós Imeachta ('saineolaí an rapóirtéara');

   (e) duine, seachas comhalta nó comhalta malartach atá sainordaithe go cuí, a dtabharfaidh Uachtarán an Choiste ('an tUachtarán'), cathaoirleach grúpa pholaitiúil, cathaoirleach coimisiúin nó cathaoirleach CFAA, nó Ardrúnaí an Choiste ('an tArdrúnaí'), cuireadh dó nó di

aitheasc a thabhairt i gcomhthéacs a rannpháirtíochta i ngníomhaíocht incháilithe ('aoichainteoir');

(f) duine, seachas na daoine dá dtagraítear thuas, a ghlacfaidh páirt i ngníomhaíocht ina cháil nó ina cáil mar chomhalta seachtrach arna cheapadh nó arna ceapadh chuig ARLEM nó CORLEAP, nó a ghlacfaidh páirt i ngníomhaíocht mar Pholaiteoir Tofa Óg (YEP), agus a dtabharfaidh an Coiste cuireadh dó nó di faoin teideal sin, nó a ghlacfaidh páirt i ngníomhaíocht mar ionadaí thar ceann Líonra Eorpach na gComhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla sa Choiste agus a dtabharfaidh an Coiste cuireadh dó nó di faoin teideal sin, nó duine a bhfuil a rannpháirtíocht údaraithe, in imthosca a bhfuil údar cuí leo, ag an Uachtarán, ag cathaoirleach grúpa pholaitiúil nó ag cathaoirleach coimisiúin ('tríú páirtí');

(g) duine, seachas na daoine dá dtagraítear thuas, a dtabharfaidh an tArdrúnaí nó an Stiúrthóir Cumarsáide, nó rúnaíocht grúpa pholaitiúil, cuireadh dó nó di páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ina cháil nó ina cáil mar chomhalta deimhnithe de ghairm na hiriseoireachta ('iriseoir').

2. Féadfaidh feidhm a bheith ag an Rialachán seo de réir analaí maidir le daoine nach dtagraítear dóibh i mír 1, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le gníomh arna ghlacadh ag Biúró an Choiste. Déanfar an chatagóir faoina n-aisíocfar na daoine sin a shonrú sa chinneadh ón mBiúró.

*Airteagal 3*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'gníomhaíocht incháilithe' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) cruinniú den Tionól Iomlánach, den Bhiúró, de Chomhdháil na nUachtarán agus de na coimisiúin;

(b) cruinniú den Choimisiún Comhairleach um Ghnóthaí Airgeadais agus Riaracháin[8] ('CFAA');

(c) cruinniú de ghrúpa polaitiúil de chuid an Choiste, lena n-áirítear cruinniú de bhiúró an ghrúpa sin;

(d) cruinniú de mheitheal comhaltaí de chuid an Bhiúró nó de mheitheal comhaltaí coimisiúin[9];

(e) cruinniú meithle, nó cruinniú comhchoiste le tír iarrthach, ina bhfuil comhaltaí den Choiste rannpháirteach[10];

(f) cruinniú de chomhlacht polaitiúil eile ina bhfuil comhaltaí den Choiste rannpháirteach, lena n-áirítear an Comhthionól Réigiúnach agus Áitiúil Eora-Mheánmhara ('ARLEM') agus Comhdháil na nÚdarás Réigiúnach agus Áitiúil do Chomhpháirtíocht an Oirthir ('CORLEAP');

(g) cruinniú de ghrúpa saineolaithe a bhunóidh an Coiste;

(h) cruinniú nó imeacht, seachas na cinn dá dtagraítear thuas, a eagróidh/a chomheagróidh an Coiste, lena n-áirítear fóraim, díospóireachtaí, comhdhálacha, taispeántais, seimineáir, cuairteanna staidéir agus cruinnithe nó imeachtaí le comhpháirtithe nó páirtithe leasmhara, ach gan bheith teoranta dóibh;

8 Amhail dá dtagraítear i Riail 40 de na Rialacha Nós Imeachta.

9 Amhail dá dtagraítear i Riail 37(e) agus i Riail 63 de na Rialacha Nós Imeachta.

10 Amhail dá dtagraítear i Riail 37(j) de na Rialacha Nós Imeachta.

(i) cruinniú nó imeacht, seachas na cinn dá dtagraítear thuas, a eagróidh páirtí eile agus ar díol spéise ar leith é d'obair an Choiste, lena n-áirítear cruinnithe grúpaí saineolaithe seachtracha a bhfuil ionadaithe arna n-ainmniú ag an gCoiste rannpháirteach iontu;
(j) cruinniú arna eagrú ag teaghlach polaitiúil Eorpach a dtabharfar cuireadh do chomhaltaí an Choiste freastal air i ndáil leis an bhfeidhm atá acu i ngrúpa polaitiúil an Choiste;
(k) cruinniú nó imeacht, seachas na cinn dá dtagraítear thuas, a bhfuil údar maith ag an rannpháirtí freastal air toisc go mbaineann sé go díreach le hullmhú tuairimí ón gCoiste nó leis an obair a leanann as na tuairimí sin nó toisc gur deis atá ann obair an Choiste a phoibliú ('láithreacht aonair').

*Airteagal 4*
**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'ionad na gníomhaíochta' an suíomh fisiciúil ina bhfuil an ghníomhaíocht;
(b) ciallaíonn 'freastal ar an láthair' cás ina bhfreastalóidh an rannpháirtí ar an ngníomhaíocht incháilithe ar an láthair;
(c) ciallaíonn 'cianfhreastal' cás ina bhfreastalóidh an rannpháirtí ar an ngníomhaíocht incháilithe go cianda trí mheán comhdháil ghréasáin nó trí aon mhodh eile cumarsáide comhuainí ar líne;
(d) ciallaíonn 'turas' an taisteal ar fad a dhéanfaidh rannpháirtí chun freastal ar ghníomhaíocht amháin nó níos mó, ón bpointe tionscnaimh go dtí ionad na gníomhaíochta nó ionaid na ngníomhaíochtaí agus ar ais;
(e) ciallaíonn 'pointe tionscnaimh' an suíomh ag a dtosóidh an tairbhí a thuras nó a turas nó ar a bhfillfidh sé nó sí. D'fhéadfadh áit chónaithe an tairbhí nó suíomh eile a bheith i gceist;
(f) ciallaíonn 'Ionad Ilfhreastail' an roinn atá sannta chun déileáil le faisnéis na gcomhaltaí in Ardrúnaíocht an Choiste.

*Airteagal 5*
**Cosc ar charnadh**

1. Má fhreastalaíonn an tairbhí ar níos mó ná gníomhaíocht incháilithe amháin ar an aon lá amháin nó ar roinnt laethanta as a chéile, beidh sé nó sí i dteideal aisíocaíocht amháin i leith speansais taistil agus íocaíocht an liúntais taistil chomhfhreagraigh, agus liúntas cruinnithe amháin in aghaidh an lae, gan beann ar líon iarbhír nó suíomh na ngníomhaíochtaí incháilithe ar a bhfreastalóidh sé nó sí le linn na tréimhse sin.
2. Ar laethanta a bhfuil meascán de fhreastal ar an láthair agus de chianfhreastal i gceist, ní íocfar ach an liúntas cruinnithe.
3. Ní aisíocfaidh an Coiste gníomhaíochtaí arna n-aisíoc ag páirtí eile. Déanfaidh na tairbhithe aon ranníocaíochtaí ó pháirtithe eile i leith taistil agus cóiríochta a dhearbhú ar a bhfoirm éilimh (leictreonach). Déanfar na méideanna sin a asbhaint ó aisíocaíocht an Choiste. Má fhaigheann tairbhí ranníocaíochtaí airgeadais ó pháirtí eile agus go bhfuil na ranníocaíochtaí sin aisíoctha ag an gCoiste cheana féin, cuirfidh sé nó sí Seirbhís Airgeadais an Choiste ar an eolas láithreach agus tabharfaidh sé nó sí an aisíocaíocht ar ais don Choiste, suas leis an méid arna fháil ón bpáirtí eile.

4. Má fhreastalaíonn tairbhí ar ghníomhaíocht incháilithe agus go bhfuil cúiteamh (ar ráta comhréidh) faighte aige nó aici ón gCoiste cheana féin bunaithe ar Rialachán nó Cinneadh eile, asbhainfear an méid sin ón íocaíocht a gheobhadh sé nó sí de ghnáth faoin Rialachán seo.
5. Maidir le comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí nó comhaltaí ionaid, beidh na teidlíochtaí céanna acu agus atá ag na lánchomhaltaí le linn dóibh ionad na lánchomhaltaí a ghabháil. Mar sin féin, i gcás cruinnithe roinnt laethanta (amhail seisiúin iomlánacha nó cruinnithe seachtracha a bhaineann le seimineár nó cuairt staidéir), ní íocfar ach aisíocaíocht speansas taistil amháin agus liúntas taistil amháin, sin le rá leis an gcomhalta nó leis an gcomhalta malartach.[11] Mura dtabharfaidh an comhalta a mhalairt le fios, déanfar na híocaíochtaí sin leis nó léi.
6. Comhaltaí agus comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí agus a ghlacfaidh páirt i gcruinniú de ghrúpa polaitiúil nó dá bhiúró a thionólfar faoi chuimsiú seisiún iomlánach, cruinniú de Bhiúró an Choiste nó cruinniú den choimisiún, ní bheidh siad i dteideal aisíocaíocht ar a gcuid costais taistil ná íocaíocht a liúntas go dtí go nglacfaidh siad páirt sa seisiún iomlánach nó sa dara cruinniú sin.
7. Ní bheidh feidhm ag an riail i mír 5 maidir le rapóirtéirí malartacha a fhreastalóidh ar chruinnithe nó ar ghníomhaíochtaí ag gníomhú dóibh sa cháil sin.

*Airteagal 6*

**Lorg comhshaoil**

Ba cheart do thairbhithe a lorg comhshaoil a íoslaghdú trí úsáid a bhaint as na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Moltar do chomhaltaí, comhaltaí malartacha agus breathnóirí eitilt sa ghrád barainne (ar thicéad solúbtha) le haghaidh eitiltí faoi bhun 4 uair an chloig.

## TEIDEAL II
## AISÍOCAÍOCHT SPEANSAS AGUS ÍOCAÍOCHT LIÚNTAS

### Cuid A: Forálacha Coiteanna

*Airteagal 7*

**Teidlíochtaí**

1. Beidh comhaltaí, comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí agus breathnóirí i dteideal aisíocaíocht a speansas taistil i gcomhréir le hAirteagal 11 go hAirteagal 13, íocaíocht liúntais cruinnithe i gcomhréir le hAirteagal 14 go hAirteagal 16 agus íocaíocht liúntais taistil i gcomhréir le hAirteagal 17 go hAirteagal 19.
2. Beidh saineolaithe agus aoichainteoirí i dteideal aisíocaíocht a speansas taistil de réir Airteagal 11 go hAirteagal 13 agus íocaíocht liúntais cruinnithe de réir Airteagal 14 go hAirteagal 16 agus íocaíocht liúntais taistil de réir Airteagal 17 go hAirteagal 19.
3. Beidh tríú páirtithe i dteideal aisíocaíocht a speansas taistil i gcomhréir le hAirteagal 11 go hAirteagal 13 agus íocaíocht liúntais cruinnithe i gcomhréir le hAirteagal 14 go hAirteagal 16.
4. I gcás iriseoirí, is é an Coiste féin a íocfaidh speansais taistil agus chóiríochta an tairbhí, suas leis an uasteorainn le haghaidh costais taistil a leagtar amach in Airteagal 12 agus de réir na pleanála buiséidí bliantúla le haghaidh costais chóiríochta arna cinneadh chun na críche sin ag

[11] Amhail dá dtagraítear i Riail 6.6 de na Rialacha Nós Imeachta.

Stiúrthóireacht an Phreasa agus na Cumarsáide sa Choiste. Ní bheidh siad i dteideal aisíocaíocht a speansais taistil ná an íocaíocht liúntas a éileamh iad féin.

5. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo bunaithe ar chinneadh ón mBiúró, agus tar éis dul i gcomhairle le CFAA, íocfaidh an Coiste féin speansais taistil agus chóiríochta an tairbhí. Ní bheidh na tairbhithe sin i dteideal aisíocaíocht a gcostas taistil ná íocaíocht liúntas.

*Airteagal 8*

**Ceanglais**

1. Sula bhfreastalóidh tairbhithe ar ghníomhaíocht incháilithe a bhfuil sé beartaithe acu aisíocaíocht ar speansais taistil agus/nó íocaíocht liúntas a éileamh ina leith, ní mór dóibh formheas a fháil ón Oifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean. Is é mar a dhéantar sin go gcuirtear Nóta sínithe, maille leis na doiciméid tacaíochta uile is gá, chuig an Oifigeach Údarúcháin, nó trí bhíthin gealltanas dlíthiúil agus buiséadach den sórt céanna, arna ullmhú agus arna chur faoi bhráid an Oifigigh Údarúcháin trí fhotharmligean ag seirbhís sin an Choiste ar a bhfuil an cúram an ghníomhaíocht a eagrú nó a chomheagrú. Ní gá an formheas i scríbhinn sin a fháil roimh ré i gcás comhaltaí atá ceaptha go cuí nó comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí agus atá ag freastal ar cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(a) go (e).
2. Áiritheoidh tairbhithe go ndéanfar a láithreacht a chlárú go cuí trí bhíthin síniú sa chóras ábhartha, i gcás ina bhforáiltear dó sin[12]. Tairbhí a mhainneoidh síniú, léireoidh sé nó sí go raibh sé nó sí i láthair ag an ngníomhaíocht trí aon mhodh eile a mheasann an tOifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean a bheith iomchuí.
3. Déanfaidh tairbhithe an fhoirm chaighdeánach arna heisiúint ag an gCoiste ('foirm éilimh') a chur isteach tar éis dóibh í a chomhlánú, dáta a chur léi agus í a shíniú. Áirítear leis an bhfoirm sin dearbhú foirmiúil ar na costais thabhaithe agus ar aon íocaíochtaí a fuarthas nó a bhfuiltear ag súil a fháil ó pháirtithe eile. I gcás inarb infheidhme, bainfidh na tairbhithe uile úsáid as an uirlis thiomnaithe ar líne chun a n-éilimh a chur isteach.
4. Éilimh ar gá ticéid nó doiciméid tacaíochta eile a bheith i gceangal leo, ní fhéadfar na héilimh sin a phróiseáil in éagmais na ndoiciméad tacaíochta. Tabharfar tús áite d'éilimh chomhlánaithe a chuirfear isteach laistigh de choicís tar éis an chruinnithe.
5. An fhoirm éilimh agus na doiciméid tacaíochta uile dá dtagraítear in Airteagal 13 chomh maith le haon doiciméid ábhartha bhreise a fhéadfaidh an tOifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean a iarraidh, déanfar iad a chur isteach, más féidir, laistigh de 6 seachtaine i ndiaidh na gníomhaíochta agus ar a dhéanaí faoin 30 Meán Fómhair den bhliain i ndiaidh na gníomhaíochta (Bliain N+1).
6. Mura gcomhlíonfar ceanglas áirithe, caillfear teidlíocht iomlán nó pháirteach na haisíocaíochta nó na híocaíochta. Beidh feidhm aige sin freisin i gcás nár fhreastail an tairbhí ar an ngníomhaíocht.

*Airteagal 9*

**Áit chónaithe**

1. Is í 'áit chónaithe dhearbhaithe' an tairbhí a phríomháit nó a príomháit chónaithe, mar a dhearbhófar don Choiste i bhfoirm cheapacháin an tairbhí nó, ina héagmais sin, san fhoirm eintitis

---

[12] I gcás ina bhforáiltear dó sin, beidh liosta na rannpháirtithe arna bhainistiú ag seirbhís sin an Choiste ar a bhfuil an cúram an ghníomhaíocht a eagrú nó a chomheagrú ar fáil, i bhfoirm analógach nó i bhfoirm leictreonach, do na tairbhithe lena shíniú, cúig nóiméad déag (15) roimh thús sceidealaithe na gníomhaíochta – ar a luaithe – go dtí deireadh na gníomhaíochta sin.

dhlíthiúil agus/nó san fhoirm aitheantais airgeadais. Ní bheidh ach aon áit chónaithe dhearbhaithe amháin ag an tairbhí.

2. Déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a bpríomháit chónaithe ina mBallstát a dhearbhú tráth a gceaptha ag Comhairle an Aontais Eorpaigh. Má athraíonn na sonraí sin, tabharfar fógra ina leith i scríbhinn láithreach don Ionad Ilfhreastail.
3. Maidir le tairbhithe eile, ba cheart dóibh a n-áit chónaithe a dhearbhú sula dtosóidh an ghníomhaíocht incháilithe ar a bhfreastalóidh siad.
4. Féadfaidh an tOifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean doiciméid tacaíochta ábhartha[13] a iarraidh mar fhianaise ar an áit chónaithe dhearbhaithe agus diúltú aitheantas a thabhairt d'aon áit chónaithe dhearbhaithe mura leor na doiciméid tacaíochta.

*Airteagal 10*
**Bealaí**

1. Beidh na speansais taistil inaisíoctha agus na liúntais iníoctha bunaithe ar an mbealach fillte is dírí idir áit chónaithe dhearbhaithe an tairbhí agus ionad na gníomhaíochta ('turas díreach').
2. Is é an bealach is dírí an bealach is giorra arna chinneadh de réir an mhéid seo a leanas:
   a) i gcás aerthaistil: an t-aerfort is gaire do phointe imeachta an tairbhí inar féidir aerthicéad solúbtha a fháil ag taraif an ghráid barainne nó an t-aerfort is áisiúla, á chur san áireamh aerfort ina ndéanfar stad, más infheidhme, agus an fad slí iomlán idir an pointe imeachta agus an ceann scríbe i gcás an aerfoirt sin;
   b) i gcás turais d'iarnród: an staisiún traenach is áisiúla atá in aice le pointe imeachta an tairbhí agus an fad slí idir an stáisiún sin agus an ceann scríbe;
   c) i gcás turais i gcarr nó ar bhád: an fad slí idir pointe imeachta an tairbhí agus an ceann scríbe.
3. I gcás ina bhfuil an tairbhí ag dul i mbun dualgais nó ag athrú a áite nó a háite cónaithe, cuirfear ar an eolas é nó í faoin aerfort, faoin stáisiún iarnróid agus faoi na cúrsaí taistil is dírí a chuirfear san áireamh i gcás an tairbhí sin.
4. Má thosaíonn nó má chríochnaíonn tairbhithe a dturas in áit eile, nó má ghlacann siad bealach eile ('turas indíreach'), aisíocfar iad suas le costas an turais dhírigh. Má tá costas níos ísle ar an turas indíreach, aisíocfar an méid níos ísle. Beidh feidhm ag an riail sin freisin má thagann an tairbhí go ceann scríbe na gníomhaíochta níos mó ná 48 uair an chloig roimh thús na gníomhaíochta nó má fhágann sé nó sí níos mó ná 48 uair an chloig i ndiaidh dheireadh na gníomhaíochta. Maidir le taisteal chuig an mBruiséil nó aisti, beidh costas an bhealaigh dhírigh bunaithe ar an bpraghas tagartha nó ar an ngnáthchúrsa taistil. Maidir le taisteal chuig ionaid sheachtracha nó uathu, ba cheart don tairbhí costas an taistil dhírigh a chur in iúl le go bhféadfar comparáid a dhéanamh leis an éileamh ar aisíocaíocht atá á dhéanamh aige nó aici. I gcás ina mbeidh fad slí níos faide le taisteal i dturas díreach mar thoradh ar mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid (traein seachas carr nó eitleán), cuirfear an fad slí sin san áireamh chun an liúntas ar ráta comhréidh a bhunú.
5. Má stoptar ar feadh níos mó 24 uair an chloig le linn an turais gan freastal ar ghníomhaíocht incháilithe eile, measfar gurb í an áit a stopadh pointe tionscnaimh an turais.
6. Trí bhíthin iarraidh a bhfuil údar maith léi agus formheas roimh ré ón Oifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean, féadfar a áireamh sna speansais taistil costas an taistil idir áit chónaithe

13 D'fhéadfaí bille fóntais a fuarthas le déanaí (faoi bhun 6 mhí), e.g. bille leictreachais, uisce nó gáis, a chur isteach mar dhoiciméid tacaíochta (ach gan bheith teoranta dóibh sin).

dhearbhaithe an tairbhí agus ionad na gníomhaíochta chun freastal ar ghníomhaíochtaí incháilithe ('turas éigeantach') roinnt laethanta as a chéile, más gá an taisteal sin a dhéanamh le hoibleagáidí a bhaineann leis an obair a chomhlíonadh. Ní bhaineann sé sin ach le turais 100 km ar a laghad in aghaidh an bhealaigh, agus tá sé teoranta d'aon turas éigeantach amháin in aghaidh na seachtaine oibre. Ní thugann an turas éigeantach teidlíocht don tairbhí ar liúntas taistil.

7. Ní bheidh feidhm ag na rialacha i mír 5 agus mír 6 maidir le hUachtarán ná Céad-Leas-Uachtarán an Choiste nuair atá sé nó sí ag freastal ar ghníomhaíocht incháilithe.
8. I gcás turais idir dhá ionad cruinnithe, beidh feidhm ag mír 2 agus mír 4 dá réir.

## Cuid B: Speansais Taistil

*Airteagal 11*

**Speansais cháilithe**

1. Aisíocfar na speansais taistil bunaithe ar fhíorú tinrimh agus ar chur i láthair na ndoiciméad taistil ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ar dhoiciméid tacaíochta eile mar a leagtar amach in Airteagal 13.
2. Féadfaidh aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna speansais taistil atá cáilithe le haghaidh aisíocaíochta:
   (a) Táillí eitleáin;
   (b) Táillí báid, iarnróid nó bus ('iompar poiblí');
   (c) Liúntas de réir ciliméadair le haghaidh turas i gcarr nach gcumhdaítear le hiompar poiblí;
   (d) Táillí seirbhíse nó láimhseála gníomhaire taistil;
   (e) Táillí athraithe nó cealaithe;
   (f) Táillí víosa le haghaidh taisteal lasmuigh den Aontas.
3. De ghnáth, ní aisíocfar táillí tacsaí. I gcás nach n-eagróidh an Coiste ná eagraí an imeachta aon iompar, déanfar turais i dtacsaí idir an baile, na haerfoirt, na calafoirt, nó na stáisiúin agus ionad na gníomhaíochta a aisíoc mar a bheadh turais i gcarr ann.
4. Ní aisíocfar na costais a bhaineann le hárachas taistil ná árachas cealaithe.
5. Má thaistealaíonn tairbhithe eile ('paisinéirí') sa charr céanna, déanfar an liúntas de réir ciliméadair a íocfar leis an tairbhí ar leis nó léi an carr nó a bhfuil an carr ar cíos aige nó aici ('tiománaí') a mhéadú faoi 20 % in aghaidh an phaisinéara. Ní bhfaighidh na paisinéirí aisíocaíocht speansas taistil ar leithligh i leith an fhaid slí chéanna.
6. Áirítear sa liúntas de réir ciliméadair costais choimhdeacha amhail breosla, dolaí, páirceáil, carr a fháil ar cíos agus árachas.
7. Ní thabharfar aon aisíocaíocht i leith turais (nó cuid de thurais) ina n-úsáidtear iompar arna chur ar fáil ag an gCoiste nó ag eagraí an imeachta.

*Airteagal 12*

**Méid na haisíocaíochta**

1. Aisíocfar speansais taistil bunaithe ar na speansais arna dtabhú go hiarbhír gan dul thar uasmhéid na nithe seo a leanas:

a. Aerthaisteal do chomhaltaí, comhaltaí malartacha agus breathnóirí: taraif an ghráid gnó dá dtagraítear i mír 2[14].
b. Aerthaisteal d'aoichainteoirí, saineolaithe, tríú páirtithe agus iriseoirí: ticéad solúbtha ag taraif an ghráid barainne;
c. Taisteal d'iarnród nó ar bhád: táille den chéad ghrád;
d. I gcás turas i gcarr: EUR 0.40/km suas le 1,000 km in aghaidh an turais amach nó isteach, cé is moite den achar a n-iompraítear an carr lena linn (e.g. trasnú farantóireachta), móide na costais iompair sin i gcás inarb iomchuí.

2. I gcás comhaltaí, comhaltaí malartacha agus breathnóirí, beidh na ticéid a chuirfear in áirithe trí ghníomhaireacht taistil an Choiste teoranta don táille gnó is saoire a bheidh ar fáil tráth na háirithinte[15]. I gcás ticéid a chuirfear in áirithe go díreach leis an gcuideachta aerlíne nó le gníomhaireacht taistil eile, beidh an aisíocaíocht teoranta d'uasphraghas tagartha an turais fillte.
3. Chun na críche sin, glacfaidh an tArdrúnaí tábla ina n-áireofar bealaí agus uasphraghsanna tagartha bunaithe ar tháillí laghdaithe an ghráid gnó (aicme D), idir an Bhruiséil agus cathracha príomha an Aontais Eorpaigh. Is iad na huasphraghsanna tagartha arna bhfoilsiú tráth ordaithe an ticéid na huasphraghsanna tagartha is infheidhme. Beidh feidhm ag na nuashonruithe ar an tábla sin 7 lá féilire tar éis a gcur in iúl do na comhaltaí agus a bhfoilsithe ar Thairseach na gComhaltaí. Arna iarraidh sin don tairbhí, cuirfidh an tIonad Ilfhreastail na huasphraghsanna tagartha le haghaidh bealaí eile ar fáil dó nó di.
4. I gcás tairbhithe eile, beidh ticéid a chuirfear in áirithe trí ghníomhaireacht taistil an Choiste teoranta do thicéid sholúbtha sa ghrád barainne. Beidh siad faoi dhliteanas ag an gCoiste i leith chostais an ticéid nó na dticéad a ordaítear agus is é an tairbhí a íocfaidh aon chostais a bhaineann leis an ticéad nó na ticéid sin a chur ar ceal nó a mhodhnú tar éis dó nó di a dheimhniú don Choiste go raibh sé nó sí i láthair. Féadfaidh an tOifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean treoracha sonracha[16] a sholáthar do ghníomhaireacht taistil an Choiste maidir le háirithintí a dhéantar do thairbhithe nach comhaltaí nó comhaltaí malartacha iad, i gcás nach leor na doiciméid tacaíochta.
5. Is féidir le comhaltaí, comhaltaí malartacha agus breathnóirí a roghnóidh taraifí ísealchostais nó taraif an ghráid barainne aisíocaíocht a fháil freisin i leith costais ar leithligh chun dul sa lána tapa, an tolglann ghnó a úsáid agus bagáiste breise a thabhairt leo.
6. I gcás turais faoi bhun 400 ciliméadar nach bhfuil trasnú mara i gceist leo, is é a dhéanfar i gcás aisíocaíocht aerthicéid go gcuirfear uasteorainn i bhfeidhm a bheidh cothrom le méid an turais chéanna i gcarr de réir an bhealaigh is dírí.
7. I gcás idirbhearta gníomhaireachta taistil, beidh uasteorainn EUR 40 (gan CBL a áireamh) leis an aisíocaíocht in aghaidh an turais fillte. Ní mór táillí idirbhirt na gníomhaireachta a liostú in áit ar leithligh ar an sonrasc agus uimhir an ticéid lena mbaineann a chur in iúl freisin. Ní chuirfear táillí na gníomhaireachta taistil san áireamh agus na huasphraghsanna tagartha á gcur i bhfeidhm.

---

14 Moltar do na comhaltaí agus do na comhaltaí malartacha úsáid a bhaint as na mílte bónais, na pointí bónais nó na sochair dhílseachta eile atá bailithe acu ar thurais arna maoiniú le buiséad an Choiste, sin nuair a bheidh turais eile á ndéanamh acu i bhfeidhmiú a sainordaithe.

15 Eiseoidh gníomhaireacht taistil an Choiste ticéid a chomhlíonann na rialacha atá ann faoi láthair, agus na ticéid sin amháin, murar chomhaontaigh an tairbhí roimh ré an difríocht ó thaobh costais idir an ticéad taistil a eisíodh agus ticéad taistil comhlíontach a íoc. Dá bhrí sin, áirithítear leis sin nach ndéanfaidh an tairbhí aon riosca airgeadais a thabhú ina leith sin agus úsáid á baint aige nó aici as gníomhaireacht taistil an Choiste.

16 Mar shampla, chun a cheangal go dtógfar amach árachas cealaithe nó go soláthrófar sonraí airgeadais an tairbhí.

8. I gcás comhaltaí agus comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí, aisíocfaidh an Coiste speansais chealaithe nó speanais a bhaineann leis an gcéad athrú nó modhnú a dhéanfar ar thicéid taistil nach bhfuil inaisíoctha ag páirtí eile, ar choinníoll go mbaineann an t-athrú nó an modhnú le príomhról an tairbhí agus go bhfuil fianaise ann chun tacú leis sin. Ní aisíocfaidh an Coiste speansais bhreise a bhaineann le mhainneachtain cloí le téarmaí agus coinníollacha conarthacha.

*Airteagal 13*

**Doiciméid tacaíochta**

1. Le haisíocaíocht a fháil ar na speansais taistil d’aer, d’iarnród nó ar bhád, déanfar na doiciméid tacaíochta seo a leanas, ar a mbeidh ainm an tairbhí nó a bheidh á n-eisiúint faoina ainm nó faoina hainm, a chur i gceangal leis an éileamh:
   (a) An ticéad/na ticéid[17] ar fad agus an pas bordála/na pasanna bordála nó cruthúnas leictreonach ar úsáid na dticéad a bhaineann leis na speansais taistil, lena n-áirítear na ticéid bhunaidh i gcás inar athraíodh nó inar modhnaíodh iad sin;
   (b) An sonrasc nó na sonraisc mhiondealaithe a bhaineann leis an ticéad nó na ticéid sin;
   (c) Cúpón an ghníomhaire nó masc an ticéid a thaispeánann fíorphraghas na ‘buntáille’ agus an praghas agus na cánacha iarbhír a íocadh.

   Ar a shon sin, má chuirtear an ticéad in áirithe trí mheán gníomhaireacht taistil an Choiste, cuirfear an sonrasc comhfhreagrach chuig Seirbhís Airgeadais an Choiste le socrú agus ní gá na pasanna bordála ná ticéid/cúrsaí taistil leictreonacha ná admhálacha thicéid na heitilte a chur isteach.
2. Ní chuirfear san áireamh aisíocaíochtaí le haghaidh pacáistí taistil, lena n-áirítear socruithe taistil agus óstáin, i gcás nach bhfuil praghas an ticéid/na dticéad agus an óstáin (in aghaidh na hoíche) liostaithe ar leithligh ar na doiciméid tacaíochta.
3. Maidir le híocaíocht an liúntais de réir ciliméadair, cuirfear na doiciméid tacaíochta seo a leanas i gceangal leis an éileamh:
   (a) Sonraisc maidir le carr a fháil ar cíos nó tacsaí a íoc, i gcás inarb infheidhme;
   (b) Doiciméid lena gcruthaítear an cúrsa taistil i gcarr (dáta agus bealach) má tá an míleáiste os cionn 250 ciliméadar;
   (c) Ainmneacha agus feidhmeanna na dtairbhithe atá ag taisteal sa charr céanna chun freastal ar ghníomhaíocht incháilithe, i gcás inarb infheidhme.
4. Maidir le haisíoc na gcostas cealaithe nach bhfuil cumhdaithe ag tríú páirtí, cuirfear na doiciméid tacaíochta seo a leanas i gceangal leis an éileamh:
   (a) Na sonraisc agus na fáltais íocaíochta a bhaineann leis na ticéid;
   (b) Doiciméid lena léirítear aon táillí athraithe nó cealaithe, nó aisíocaíochtaí páirteacha ó sholáthraithe seirbhíse, agus na méideanna miondealaithe go soiléir iontu;
   (c) Doiciméid lena gcruthaítear gur riachtanach modhnú nó cealú a dhéanamh.
5. Déanfar táillí víosa le haghaidh taisteal lasmuigh den Aontas Eorpach a aisíoc ach an fhianaise ar chaiteachas a thíolacadh.
6. I gcás sonraisc le haghaidh speansais taistil, ní mór iad a bheith i gcomhréir le dlí na tíre eisiúna. D’fhéadfadh sé go n-éileofaí cruthúnas ar íocaíocht.

---

17 Maidir le táillí eitleáin, is éard a thuigfear as an téarma ‘ticéad’ ticéad paisinéara de réir bhrí Airteagal 3(1) den Choinbhinsiún um Aontú Rialacha Áirithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Aer a síníodh i Vársá an 12 Deireadh Fómhair 1929.

7. Má chuirtear cóip (i bhfoirm pháipéir nó leictreonach) isteach, ní mór don tairbhí an doiciméad bunaidh a choinneáil go dtí deireadh na bliana ina dhiaidh sin (Bliain N+1).
8. Ní cheadaítear athrú a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta, aon ní a scriosadh díobh ná aon ní a chur leo. Má chuirtear faisnéis mhíchruinn, bhréagach nó mhíthreorach isteach d'aon ghnó, nó má sholáthraítear doiciméid atá athraithe, brionnaithe nó falsaithe, forghéillfear na teidlíochtaí aisíocaíochta agus/nó íocaíochta.

## Cuid C: Liúntas cruinnithe

*Airteagal 14*

**Teidlíocht ar liúntas cruinnithe**

1. Deonófar liúntas cruinnithe ar ráta comhréidh le haghaidh gach lae a ghlacann tairbhí páirt i ngníomhaíocht incháilithe de chuid an Choiste. Cumhdóidh an liúntas cruinnithe ar ráta comhréidh gach cineál speansais ag ionad an chruinnithe ar feadh lá féilire, lena n-áirítear oíche amháin a chaitheamh ag ionad an chruinnithe nó áit eile le linn an turais.
2. I gcás tríú páirtithe, beidh méid an liúntais cruinnithe socraithe ag 70 % den liúntas cruinnithe do chomhaltaí an Choiste.
3. I gcás comhaltaí agus comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí, déanfar liúntas arb ionann é agus an liúntas cruinnithe a íoc ar feadh dhá lá oibre ar a mhéad ar mhaithe leis an mbriseadh idir dhá chruinniú ar an láthair ('laethanta idir dhá chruinniú') a chlúdach, i gcás inar saoire de réiteach é sin ná an aisíocaíocht a bheadh an tairbhí i dteideal a fháil dá mba rud é go ndearna sé nó sí turas fillte idir na cruinnithe sin.
4. Má chuireann páirtí eile cóiríocht ar fáil don tairbhí, beidh méid an liúntais cruinnithe teoranta do 50 % de mhéid an liúntais a bheadh iníoctha de ghnáth as a rannpháirtíocht sa chruinniú.

*Airteagal 15*

**Méid an liúntais cruinnithe**

Is é an Biúró a shocróidh an chnapshuim a thabharfar do chomhaltaí chun freastal ar an láthair ar ghníomhaíocht incháilithe.

*Airteagal 16*

**Liúntas cianchruinnithe**

Beidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí a fhreastalóidh ar chruinnithe go cianda de réir Rialacha Nós Imeachta an Choiste[18] i dteideal liúntas cianchruinnithe ar ráta comhréidh lena gcumhdófar na costais uile a thabhóidh siad chun freastal ar na cruinnithe sin go cianda. Beidh saineolaithe na rapóirtéirí agus aoichainteoirí a dtabharfar cuireadh dóibh freastal go cianda ar chruinnithe i dteideal an liúntais cianchruinnithe ar ráta comhréidh freisin.
Beidh an liúntas cianchruinnithe ar ráta comhréidh cothrom le 50 % den liúntas cruinnithe is infheidhme maidir le freastal ar chruinnithe ar an láthair in aghaidh an lae.

---

18 Amhail dá dtagraítear i Riail 85 de na Rialacha Nós Imeachta.

## Cuid D: Liúntas taistil

*Airteagal 17*

**Teidlíocht ar liúntas cruinnithe**

1. Comhaltaí, comhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí agus breathnóirí, aoichainteoirí agus saineolaithe na rapóirtéirí a bhaineann tairbhe as aisíocaíocht a speansas taistil chun freastal ar ghníomhaíocht incháilithe de chuid an Choiste ar an láthair i gcomhréir leis na rialacha sin, beidh siad i dteideal liúntas taistil ar ráta comhréidh atá beartaithe chun na speansais taistil uile a bhaineann leis an turas (nó le cuid den turas) sin a chumhdach, cé is moite de chostais víosaí.
2. I gcás comhaltaí, comhaltaí malartacha agus breathnóirí, socróidh lucht riaracháin an Choiste fad an bhealaigh is dírí ón áit chónaithe dhearbhaithe go dtí ceanncheathrú an Choiste sa Bhruiséil, rud a úsáidfear chun na liúntais iomchuí a ríomh. Fanfaidh na luachanna sin mar an gcéanna ar feadh thréimhse iomlán a dtéarma, ach amháin sna himthosca sonracha seo a leanas:
   - Athrú ar áit chónaithe;
   - Athruithe ar na rialacha a bhaineann leis an liúntas taistil;
   - Gan an bealach taistil bunaidh a ríomhadh a bheith ar fáil a thuilleadh mar gheall ar athrú ar sceidil na n-eitiltí;
   - Athruithe suntasacha eile a dhéanann difear do bhunús an fhaid slí a socraíodh ar dtús.
3. I gcás comhaltaí, comhaltaí malartacha agus breathnóirí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí lasmuigh den Bhruiséil, déanfar liúntais taistil gach cáis a chinneadh faoi seach de réir an turais fillte is dírí.
4. I gcás aoichainteoirí agus shaineolaithe na rapóirtéirí, cinnfear na liúntais taistil de réir an turais fillte is dírí.

*Airteagal 18*

**An liúntas taistil a ríomh**

1. Socrófar an liúntas de réir fhad slí an bhealaigh fillte is dírí idir áit chónaithe dhearbhaithe an tairbhí agus ionad an chruinnithe nó ionaid na gcruinnithe:

| Fad an turais fillte | Líon comhfhreagrach d’aonaid tagartha |
|---|---|
| Ó 0 km go 200 km | 0 |
| Ó 201 km go 400 km | 0.75 |
| Ó 401 km go 1,000 km | 1 |
| Ó 1,001 km go 2,000 km | 1.5 |
| Os cionn 2,000 km | 2 |

2. I gcás turais aonair, socrófar an liúntas taistil ag 50 % den turas fillte is dírí.

*Airteagal 19*

**Méid an liúntais taistil**

Is ionann aonad tagartha amháin de réir bhrí Airteagal 18 agus EUR 200.

## TEIDEAL III
## CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 20*

**Aistriú bainc, airgeadraí agus ráta comhshó**

1. Déanfar na híocaíochtaí le haistriú bainc chuig an gcuntas bainc arna shonrú ag an tairbhí. Is sa tír ina bhfuil áit chónaithe dhearbhaithe an tairbhí a bheidh an cuntas bainc. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an tOifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean cuntas bainc i dtír eile a fhormheas.
2. Déanfar na méideanna a ríomh agus na híocaíochtaí a dhéanamh in euro, ach amháin má iarrann an tairbhí, a bhfuil a áit nó a háit chónaithe dhearbhaithe i mBallstát nó i dtír nach bhfuil sa limistéar euro, íocaíocht a dhéanamh in airgeadra na tíre sin. Déanfar airgeadraí nach bhfuil sa limistéar euro a chomhshó ag an ráta malairte a fhoilsíonn oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh (InforEuro) go míosúil.
3. Íocfaidh an Coiste costais an aistrithe bainc. Na tairbhithe a thabhaigh muirir bhainc le haghaidh íocaíochtaí a fuair siad ón gCoiste, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht na gcostas sin trí dhoiciméid tacaíochta a sholáthar ina luaitear na méideanna iarbhír a íocadh.

*Airteagal 21*

**Trédhearcacht**

1. Gan dochar d’aon oibleagáid a d’fhéadfaí a cheangal ar an gCoiste a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais, nó i gcomhréir lena rialacha inmheánacha, faisnéis, doiciméid nó sonraí pearsanta a nochtadh, féadfar láithreacht rannpháirtí ar ghníomhaíocht, lena n-áirítear cibé acu a gheobhaidh nó nach bhfaighidh sé nó sí aon aisíocaíocht nó íocaíocht ón gCoiste i gcomhréir leis an Rialachán seo, a nochtadh maidir le formheas a dhéanamh ar aon iarratas gaolmhar ar rochtain ar dhoiciméad. Cuirfear an nochtadh sin in iúl i scríbhinn don rannpháirtí.
2. Déanfar an tsuim nó na suimeanna iarbhír arna n-aisíoc nó arna n-íoc le rannpháirtí a eisiamh ón nochtadh ach amháin má tá toiliú i scríbhinn tugtha ag an rannpháirtí roimh ré. Ní bheidh feidhm aige sin má shuíonn an duine a bhfuil iarratas ar rochtain ar dhoiciméad á dhéanamh aige nó aici go bhfuil gá leis an bhfaisnéis chun críche sonraí ar mhaithe le leas an phobail, agus má shuíonn an Coiste go bhfuil sé comhréireach an fhaisnéis sin a tharchur chun na críche sonraí sin.

*Airteagal 22*

**Imthosca eisceachtúla**

1. I gcás inar thabhaigh tairbhí costais bhreise eisceachtúla de dheasca *force majeure*[19], féadfar na costais sin a aisíoc, má chuirtear doiciméid tacaíochta ábhartha ar fáil, agus tar éis formheas i scríbhinn a fháil ón Ardrúnaí, ar tharchur ón Oifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean.

---

19 Is éard a thuigfear le *force majeure* aon staid, teagmhas nó imthoisc urghnách nárbh fhéidir a thuar, amhail cogadh, stailc, círéib, coireacht, eipidéim nó tubaiste nádúrtha, nach bhfuil smacht ag an tairbhí air nó uirthi agus nach féidir leis an tairbhí an dochar a dhéanann sé nó sí a chur ó éifeacht in ainneoin a dhíchill nó a díchill.

2. Más rud é, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, go bhfuil sé de cheangal ar chomhaltaí agus ar chomhaltaí malartacha atá sainordaithe go cuí rátaí an-ard a íoc le haghaidh na n-óstán atá roghnaithe ag an gCoiste nó ag na comheagraithe ag cruinnithe lasmuigh den cheanncheathrú, nó go bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht ar an gCoiste agus nach leor na gnáthliúntais cruinnithe agus taistil lena speansais a chumhdach, féadfar méadú ar a liúntas cruinnithe a thabhairt dóibh. Féadfaidh an tArdrúnaí an iarraidh ar mhéadú den sórt sin a dheonú ar tharchur ón Oifigeach Údarúcháin trí fhotharmligean, ar choinníoll go gcuirfear doiciméid tacaíochta isteach. Ní fhéadfar an liúntas cruinnithe a mhéadú faoi níos mó ná 30 %, áfach.
3. Féadfaidh an tOifigeach Údarúcháin aon chás nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo nó aon iarraidh a bhfuil údar cuí léi ar mhaolú ó na rialacha in imthosca eisceachtúla a tharchur chuig an Ardrúnaí le cinneadh a fháil ina leith.
4. Maidir le tairbhí nár fhormheas an tArdrúnaí a iarraidh nó a hiarraidh faoi fhorálacha an Airteagail seo, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chuig an Uachtarán. Ní mór an iarraidh ar achomharc a chur faoi bhráid an Uachtaráin laistigh de mhí amháin tar éis fógra a fháil faoi chinneadh an Ardrúnaí.

*Airteagal 23*

**Innéacsú**

Faoi réir na leithreasuithe buiséid atá ar fáil, féadfaidh an Biúró an méid dá dtagraítear in Airteagal 15 a innéacsú uair sa bhliain suas le huasmhéadú arb ionann é agus an ráta boilscithe bliantúil san Aontas Eorpach i mí Dheireadh Fómhair na bliana roimhe sin, arna fhoilsiú ag Eurostat. Glacfar cinneadh an Bhiúró ag a chéad chruinniú den bhliain, tar éis dul i gcomhairle le CFAA, agus ní chuirfear i bhfeidhm go haisghníomhach é.

*Airteagal 24*

**Bearta cur chun feidhme**

Féadfaidh an tArdrúnaí treoracha a eisiúint nó bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun sonrú breise a dhéanamh ar aon fhoráil den Rialachán seo agus éifeacht a thabhairt dóibh, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus tar éis dul i gcomhairle le CFAA. Áirítear leis sin na socruithe chun faid slí a thomhas.

*Airteagal 25*

**Forálacha críochnaitheacha**

1. Leanfaidh an méid a luaitear in Airteagal 3 de Chinneadh 440/2024 ón mBiúró d'fheidhm idirthréimhseach a bheith aige go dtí go socróidh an Biúró méid nua i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo.
2. Aisghairtear leis seo Rialacháin Uimh. 12/2007, Uimh. 8/2017, Uimh. 9/2017, Uimh. 2/2018, Uimh. 5/2023 ón mBiúró chomh maith le Cinneadh Uimh. 440/2024 ón mBiúró. Déanfar tagairtí d'aon cheann de na Rialacháin agus de na Cinntí aisghairthe i ngníomhartha agus i ndoiciméid eile de chuid an Choiste a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.
3. Ní bheidh éifeacht a thuilleadh le Cinneadh Uimh. 204/2018 ón Ardrúnaí, arna leasú.
4. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 26 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2024.

*(sínithe ag)*
*Thar ceann an Bhiúró*
Vasco Alves Cordeiro